Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Nollaig 2022
(OR. en)

15754/22

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2021/0425(COD)**
**2021/0424(COD)**

**ENER 668**
**ENV 1266**
**CLIMA 652**
**IND 541**
**RECH 650**
**COMPET 1008**
**ECOFIN 1293**
**CODEC 1950**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15111/1/21 REV 1 + ADD 1 REV 1<br>15096/1/21 REV 1 + ADD 2 REV 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhrialacha do na margaí inmheánacha sa ghás in-athnuaite agus nádúrtha agus sa hidrigin<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus hidrigine (athmhúnlú)<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis na tograí thuasluaite, atá le tíolacadh ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 19 Nollaig 2022, d'fhonn a iarraidh ar an gComhairle í a tabhairt dá haire.

Rinneadh an tuarascáil seo a tharraingt suas faoi fhreagracht na hUachtaránachta agus tá sí gan dochar do phointí áirithe leasa nó d'aighneachtaí breise na dtoscaireachtaí ar leith féin. Leagtar amach sa tuarascáil an obair a rinneadh go dtí seo i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle agus tugtar cuntas inti maidir le staid na himeartha agus scrúdú á dhéanamh ar na tograí thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

**Faisnéis ón Uachtaránacht maidir leis an dul chun cinn a baineadh amach sa scrúdú ar na tograí le haghaidh Treoir agus Rialachán maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus hidrigine**

## I. RÉAMHRÁ

1) An 15 Nollaig 2021, thíolaic an Coimisiún tograí le haghaidh na Treorach maidir le comhrialacha do na margaí inmheánacha sa ghás in-athnuaite agus nádúrtha agus sa hidrigin agus le haghaidh an Rialacháin maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis inathnuaite agus gáis nádúrtha agus hidrigine mar chreat nua de chuid an Aontais chun margaí gáis a dhícharbónú, hidrigin a chur chun cinn agus astaíochtaí meatáin a laghdú.

2) Is é is aidhm don Phacáiste Dícharbónúcháin le haghaidh na margaí hidrigine agus gáis dícharbónú an tomhaltais gáis nádúrtha a chumasú, creat rialála a chruthú le haghaidh bonneagar agus margaí tiomnaithe hidrigine agus pleanáil chomhtháite ghréasáin. Ina theannta sin, bunaíonn siad rialacha do thomhaltóirí agus neartaíonn siad slándáil an tsoláthair.

3) Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra an 22 Bealtaine 2022, agus thug Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim siúd an 12 Deireadh Fómhair 2022.

4) I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um Thionscal, um Thaighde agus um Fhuinneamh ceannaire an dá chomhad. Is é an Feisire Jerzy Buzek (PPE, an Pholainn) an rapóirtéir a ceapadh le haghaidh an Rialacháin, agus is é an Feisire Jens Geier (S &D, an Ghearmáin) a ceapadh le haghaidh na Treorach.

## II. STAID NA hIMEARTHA

1) I mí Iúil 2022, chuir Uachtaránacht na Seicia tús leis na pléite maidir leis na tograí sa Mheitheal um Fhuinneamh. Bunaithe ar na chéad torthaí a bhí ar an bplé sin, thíolaic an Uachtaránacht an chéad athbhreithniú ar an Rialachán agus ar an Treoir araon an 9 Meán Fómhair 2022. Rinneadh tuilleadh plé theicniúil ar an gcéad athbhreithniú sa Mheitheal um Fhuinneamh.

Pléadh na tograí freisin ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 25 Deireadh Fómhair 2022 i Lucsamburg, áit ar díríodh go príomha ar ghnéithe ríthábhachtacha íogaire, go háirithe:

I. an tréimhse ama d'fhorbairt na margaí hidrigine agus do dhíchuachadh ingearach Oibreoirí Gréasáin Hidrigine;

II. taraifí trasteorann i líonraí hidrigine tiomnaithe agus lascainí taraife le haghaidh gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin sa chóras gáis nádúrtha; agus,

III. hidrigin a chumasc san eangach gáis nádúrtha.

2) Chuir na hairí treoir pholaitiúil ar fáil don Uachtaránacht agus leag siad amach treoir le haghaidh tuilleadh oibre. Ina dhiaidh sin, mhol an Uachtaránacht an dara hathbhreithniú ar an rialachán agus ar an treoir an 23 Samhain 2022, a pléadh sa Mheitheal um Fhuinneamh agus an 7 Nollaig 2022 in Coreper. Tríd is tríd, thacaigh na Ballstáit leis an mbealach inar léiríodh díospóireacht bheartais TTE sa dara hathbhreithniú ar na tograí agus tharraing siad aird ar ábhair imní sa bhreis atá le léiriú le linn na hoibre breise ar an reachtaíocht. Cuireadh an tríú hathbhreithniú, a leagtar amach i ndoiciméid: 15919/22 agus 15920/22 amach chuig na toscaireachtaí an 12 Nollaig 2022. Sa tríú leasú, dhírigh an Uachtaránacht ar thoradh na ndíospóireachtaí is déanaí, agus ar roinnt athruithe teicniúla lena léirítear barúlacha a rinne na Ballstáit i scríbhinn agus an Ceartúchán ón gCoimisiún (15111/1/21 REV 1 + ADD 1 REV 1, 15096/1/21 REV 1 + ADD 1 REV 1) mar a eisíodh an 23 Samhain 2022. Tá forchoimeádais grinnscrúdaithe agus/nó pharlaiminteacha ag na toscaireachtaí uile maidir leis an téacs, agus tá siad fós ag déanamh anailís ar fhorálacha an dá chomhad.

## III. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA

1) Na príomhghnéithe polaitiúla ar tugadh aghaidh orthu mar obair leantach ar an gComhairle Fuinnimh an 25 Deireadh Fómhair 2022

a) Oibreoirí gréasáin hidrigine a dhíchuachadh go hingearach

Is é a bhí sna tograí tosaigh ón gCoimisiún maidir le díchuachadh ingearach oibreoirí gréasáin hidrigine in Airteagal 62 den Treoir dul in éag shamhail díchuachta an Oibreora Neamhspleách Córais Tarchurtha faoi dheireadh 2030 agus infhaighteacht shamhlacha an oibreora córais neamhspleách agus an oibreora neamhspleách córais tarchurtha le haghaidh gréasáin hidrigine agus le haghaidh na ngréasán sin amháin ar le gnóthais atá comhtháite go hingearach iad tráth theacht i bhfeidhm an Phacáiste Gáis. Ní áirítear dáta éaga shamhail díchuachta an Oibreora Neamhspleách Córais Tarchurtha in REV 3 a thuilleadh ná féidearthacht shainráite don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar indéantacht shamhail díchuachta an Oibreora Neamhspleách Córais Tarchurtha faoi 2031, agus baineadh an teorainn ama a bhí ann do shamhail díchuachta an Oibreora Córais Neamhspleách chomh maith. Coinníodh an tsamhail díchuachta úinéireachta mar an tsamhail díchuachta réamhshocraithe. Is féidir le hoibreoirí gréasáin hidrigine tairbhe a bhaint freisin as maoluithe do ghréasáin hidrigine atá ann cheana agus do ghréasáin atá teoranta go geografach (Airteagail 47 agus 48 den Treoir), a ndearnadh a gcur i bhfeidhm a shimpliú agus a éascú in REV 3.

b) Dearadh margaidh hidrigine agus deireadh na hidirthréimhse

Áiríodh sna tograí ón gCoimisiún céim mhéadúcháin chun margaí hidrigine a fhorbairt go dtí 2030, agus ina dhiaidh sin, bheadh feidhm ag rialacha níos mionsonraithe. Chun éiginnteachtaí fhorbairt an mhargaidh hidrigine atá ag teacht chun cinn a léiriú, cuireadh an dáta sin ar athló go ginearálta go dtí [2035]. Ciallaíonn sé sin, i measc forálacha eile, nach dtiocfaidh cur chun feidhme na rochtana tríú páirtí rialáilte ar ghréasáin hidrigine (Airteagal 31 den Treoir), ná dearadh an mhargaidh hidrigine nua nach ngabhann taraifí leis le haghaidh rochtain ag pointí idirnaisc idir na Ballstáit (Airteagal 6 den Rialachán), nach dtiocfaidh an méid sin i bhfeidhm go dtí deireadh na hidirthréimhse, amhail ón 1 Eanáir 2036.

c) Lascainí taraife do gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin sa chóras gáis nádúrtha

In Airteagal 16 den Rialachán, tugadh isteach idirdhealú idir lascainí taraife le haghaidh gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin sa chóras nádúrtha, arb é [100 %] an lascaine a fhaightear i dtaca le gáis in-athnuaite agus [75 %] i dtaca le gáis ísealcharbóin. Tugadh isteach go sainráite an fhéidearthacht do na húdaráis rialála náisiúnta cinneadh a dhéanamh lascainí a laghdú nó gan lascainí a chur i bhfeidhm i dtaca le hinstealladh ó shaoráidí táirgthe agus stórála, rud a léiríonn na hábhair imní atá ag na Ballstáit sin a bhfuil nó a bhfuil súil acu go mbeidh sciar mór gás in-athnuaite/ísealcharbóin acu sa mheascán fuinnimh, nó a bhféadfadh imní a bheith orthu faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar shreafaí trasteorann. Baineadh den togra lascainí taraife ag pointí iontrála agus imeachta chuig tríú tíortha agus uathu.

d) Hidrigin a chumasc agus cáilíocht gháis

Athraíodh an t-uasleibhéal hidrigine a chumasctar isteach sa ghréasáin gáis nádúrtha a bhfuil sé d'oibleagáid ar Oibreoirí na gCóras Tarchurtha Gáis glacadh leis ag pointí idirnaisc, tar éis an nós imeachta um réiteach díospóidí a shonraítear in Airteagal 19 den Rialachán i gcás inarb ábhartha, ó 5 % go [2]%. Léirítear leis an laghdú sin sceipteachas roinnt Ballstát i leith an chumaisc, agus ag an am céanna, áirithítear sreafaí trasteorann gáis gan bhac. Coimeádtar cur chuige comhchuibhithe sa Rialachán maidir le bainistiú cáilíochta gáis agus réiteach díospóidí, rud ar chuir a lán Ballstát fáilte roimhe.

e) Gáis ísealcharbóin

Tugadh Airteagal 8a nua isteach sa Treoir tar éis do líon suntasach Ballstát foráil den sórt sin a iarraidh ag Comhairle Fuinnimh mhí Dheireadh Fómhair chun soiléiriú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit hidrigin ísealcharbóin agus breoslaí ísealcharbóin a úsáid chun na cuspóirí dícharbónúcháin a bhaint amach. Mar sin féin, tá an líon céanna Ballstát ann freisin ar mian leo díriú ar gháis in-athnuaite.

2) Is iad seo a leanas na príomhathruithe sa tríú hathbhreithniú:

- Tugadh isteach Aithris 74a nua den Rialachán lena réamh-mheas go bhféadfaidh na Ballstáit, chun slándáil an tsoláthair a áirithiú, cinneadh a dhéanamh bearta comhréireacha a ghlacadh chun teorainn shealadach a chur le tairiscint tosaigh ar acmhainneacht ó aon úsáideoir gréasáin aonair ag pointí iontrála ó thríú tíortha agus ag críochfoirt GNL.
- In Airteagal 20b den Rialachán maidir le sonraíochtaí coiteanna le haghaidh bithmheatáin, tugtar soiléiriú san fhoclaíocht bhreise maidir le raon feidhme an Airteagail seo.
- Leasaíodh Airteagal 54 den Rialachán ionas nach mbeadh monaplacht ag na ceannródaithe maidir le rialacha margaidh/cóid ghréasáin an mhargaidh hidrigine a fhorbairt i Líonra Eorpach na nOibreoirí Gréasáin Hidrigine, agus moladh athruithe faoi seach ar Aithris 56 chun é a ailíniú leis an Airteagal seo.
- In Airteagal 67 (míreanna 4, 9, 11) den Rialachán, ionchorpraíodh breisiú níos fairsinge ina léirítear an Ceartúchán 15096/1/21 REV 1 + ADD 1 REV 1.
- Soiléirítear in Aithris 70 den Treoir anois nach díchuachadh feidhmiúil atá á thabhairt le tuiscint leis na forálacha cothrománacha maidir le díchuachadh a chumhdaítear in Airteagal 63 den Treoir agus, dá bhrí sin, gur féidir sineirgí idir oibreoirí gréasáin, mar shampla, trí sheirbhísí agus struchtúir rialachais a chomhroinnt, a choinneáil go hiomlán.
- In Airteagal 8a den Treoir maidir le ról na hidrigine ísealcharbóin i gcuspóirí dícharbónúcháin, cuireadh na forálacha sin idir lúibíní cearnacha chun go bhféadfaí tuilleadh plé a dhéanamh d'fhonn teacht ar chomhréiteach.
- Leasaíodh Airteagal 46(2) den Treoir chun lánrogha a thabhairt do na Ballstáit an fhreagracht as tógáil na n-idirnasc trasteorann a shannadh d'oibreoirí gréasáin hidrigine áirithe agus dóibh sin amháin.
- In Airteagal 62 den Treoir, baineadh an srian ama maidir le hinfhaighteacht shamhail díchuachta an Oibreora Córais Neamhspleách d'oibreoirí gréasáin hidrigine.
- Athraíodh Airteagal 80 den Treoir chun modhnú a dhéanamh ar na himthosca faoina bhféadfaidh na Ballstáit nach bhfuil nasctha go díreach le córas idirnasctha aon Bhallstáit eile maolú ar fhorálacha sonracha na Treorach.

3) Cé go bhfuil dul chun cinn tábhachtach déanta, tá roinnt oibre fós le déanamh. Áirítear leis sin, bunaithe ar phlé a rinneadh le linn Uachtaránacht na Seicia, i measc nithe eile, na pointí seo a leanas:

- Na forálacha maidir le slándáil an tsoláthair in Airteagal 67 den Rialachán Athmhúnlaithe a ailíniú le forálacha nua a comhaontaíodh i sruthanna oibre comhthreomhara, lena n-áirítear an Rialachán maidir le Stóráil (Rialachán (AE) 2022/1032) agus an Rialachán Dlúthpháirtíochta atá beartaithe COM(2022) 549 final) agus an Rialachán Éigeandála (COM/2022/473 final). Ní mór machnamh a dhéanamh ar a mhéid ba cheart na cearta agus na hoibleagáidí nua a comhaontaíodh a ionchorprú sa Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis san fhadtéarma.
- A áirithiú go gcumasaítear leis na rialacha maidir le rochtain ar ghréasáin gáis nádúrtha agus maidir le nascadh leis na gréasáin sin deireadh a chur de réir a chéile le gás agus cearta tomhaltóirí a chosaint go leordhóthanach ag an am céanna.
- Soiléiriú ar Airteagal 14 den Treoir maidir le pobail fuinnimh na Saoránach, a ról agus a nasc le pobail fuinnimh na saoránach arna mbunú le Treoir 2019/944 agus le comhphobail fuinnimh in-athnuaite a bunaíodh faoi Threoir 2018/2001.
- Tuilleadh mionsaothraithe a dhéanamh ar an bhféidearthacht bearta comhréireacha a dhéanamh chun teorainn a chur go sealadach le tairiscintí tosaigh ar acmhainneacht ag pointí iontrála ó thríú tíortha agus ag críochfoirt GNL.
- Plé cuimsitheach chun leanúint de réiteach a lorg maidir le ról na hidrigine ísealcharbóin i gcuspóirí dícharbónúcháin faoi Airteagal 8a den Treoir.

## IV. CONCLÚID

1) Iarrtar ar an gComhairle an tuarascáil ón Uachtaránacht ar dhul chun cinn a thabhairt dá haire.